

Údarás na Gaeltachta

Faisnéis Faoi Rún/Sceithireacht i gCás Imní ó Chomhaltaí (Bhail) Foirne

1. Réamhrá

Mar atá leagtha amach sa Chód Iompair Boird agus Fostaithe, glactar leis mar phrionsabal go gcoífidh comhaltaí Údarás na Gaeltachta agus a fhoireann le deachleachtas aitheanta agus leis na caighdeáin is airde seirbhíse poiblí de réir mar a léirítear sa Chód Iompair. Tá ról tábhachtach ag an bhfoireann agus ag geallsealbhóirí eile i dtaca leis an gcuspoir seo.

Sceithireacht a thugtar ar ábhar buartha arna chur in iúl ag oibrí nó eolas a nochtadh a bhaineann le míghníomh, bearta mídhleathacha nó iompar neamheitiúil a tháinig chun aire an oibrí le linn dhéanamh na hoibre.

Tá sé de rún le polasaí sceithireachta na heagraíochta go spreagfaí oibríthe agus go gcuirfí ar a gcumas aon ní atá ina ábhar buartha acu sa láthair oibre a chur in iúl seachas neamhaird a dhéanamh den chás nó "sceithireacht" a dhéanamh go seachtrach.

Is mian le Bord an Údaráis a dhearbú gur gá a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe á oibriú agus á choinneáil, agus gur mian leis aon bhaol maidir le mírialtachtaí féideartha i dtuairisciú airgeadais nó in aon ábhar eile a sheachaint, nó más ann dóibh, iad a leigheas.

Tá córais éagsúla ann chun fadhbanna nó mírialtacht a thuairisciú d'fhonn iad a leigheas, mar atá sonraithe anseo thíos. Creideann an Bord gur ceart meon oscailte a chothú trínar féidir le fostaithe údair imní a chur in iúl de mheon macánta do bhainisteoirí cuí, gan imní a bheith orthu go ndéanfar dochar dóibh dá bharr.

Ag tógáil san áireamh go bhféadfadh mírialtacht thromchúiseach a bheith íogair ó thaobh ball foirne de, áfach, is mithid córas ar leith a leagan amach do chásanna dá leithéid, trínar féidir le fostaithe an Údaráis ábhar imní a nochtadh, faoi rún, agus trína gcinnteofar go ndéantar iarchúram lánbhríoch d'aon rud a ardaítear sa chaoi seo.

D'fhéadfadh cúiseanna éagsúla a bheith ann don rúndacht, mar shampla, go gceapfadh fostaí go gcuirfí easpa dílseachta ina leith, nó go mbeadh faitíos ar fhostaithe nach nglacfaí i ndáiríre leo, nó faitíos go ndéanfaí ciapadh orthu dá bharr.

Tá feidhm leis an bpolasaí seo i ndáil le gach duine dár gcuid oibríthe, lena n-áirítear fostaithe ar gach leibhéal (e.g. fostaí ar Conradh, scoláireacht agus taithí oibre)

Aidhmeanna an Pholasaí

- Misneach agus muinín a chothú ionat gur sábháilte ábhar buartha a chur in iúl agus eolas a nochtadh;
- Modhanna a chur ar fáil trínar féidir leat ábhar buartha a chur in iúl faoi rún agus eolas a fháil faoi aon bheart a dhéantar ina leith;

..2

- Cinntiú go bhfaigheann tú freagra nuair is féidir sin faoi aon ábhar buartha agus faoi eolas a nochtáítear;
- Deimhniú duit go mbeidh cosaint agat ar phionós a imirt ort nó ar bhagairt go n-imreofaí pionós ort.

2. Cúlra

I ráiteas ón gCathaoirleach gach bliain, a fhoilsítear sa Tuarascáil Bhliantúil, admhaíonn Bord Údarás na Gaeltachta an fhreagracht atá air maidir lena chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh á oibriú agus á choinneáil.

Glacann an Bord céimeanna chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe oiriúnach i bhfeidhm agus próisis chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas.

Déanann iniúchóirí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh gach bliain ar ráitis airgeadais an Údaráis. Má thagann laigí chun cinn san iniúchadh seachtrach cuireann Oifig an Ard-Reachtair tuairisc orthu sa litir bhainistíochta, agus cuirtear na freagraí in éineacht leis an litir sin faoi bhráid an Choiste Iniúchtóireachta agus Riosca.

Tá Seirbhís Iniúchtóireachta Inmheánaí á soláthar don Údarás de réir na ndea-chleachtas atá leagtha amach sa Chód Cleachtas um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Cuireann an tSeirbhís sin tuarascálacha ar fáil don Bhainistíocht agus don Choiste Iniúchtóireachta agus Riosca ar ghníomhaíocht iniúchta inmheánaigh. Áirítear orthu sin tuairim na Seirbhíse ar éifeachtacht agus ar leordhóthanacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh.

Mar sin féin, ní féidir leis an gcóras ach cinnteacht réasúnach agus ní cinnteacht iomlán a thabhairt go mbeidh cosaint ag sócmhainní, go bhfuil idirbheartaíochtaí údaráithe agus á dtaifeadadh go cuí, agus go seachnaítear neamhrialtachtaí nó earráidí ábhair nó go n-aimsítear iad laistigh de thréimhse thráthúil.

Treisíonn an Bord gur chúis mhór imní é dá mbeadh mírialtacht thromchúiseach nó sárú dlí ann, agus gur mian leis tuairisc a fháil ar a leithéidí, agus caitheamh go cóir le lucht faisnéise, sa chás do dtugtar faisnéis de mheon macánta.

An cineál ábhair bhuartha is féidir a chur in iúl

Ba cheart go mbainfeadh ábhar buartha nó eolas a nochtfaí le míghníomh ábhartha, mar shampla, calaois, coir, contúirt nó mainneachtain déanamh de réir dualgais faoin dlí, a bheith tugtha faoi deara agat i ndáil le do chuid fostaíochta agus a bhfuil tuairim réasúnta agat go bhfuil míghníomh i gceist leis.

An cineál ábhair bhuartha nár cheart a chur in iúl faoin Nós Imeachta seo

Ní mheasfaí gur ábhar sceithireachta ábhar buartha pearsanta, mar shampla, gearán faoi do chonradh fostaíochta féin agus is oiriúnaí déileáil lena leithéid sin faoin Nós Imeachta maidir le Gearáin.

Coinníollacha

Ní imreoidh an eagraíocht seo pionós ar bith ar oibrí a nochtann eolas mar go bhfuil tuairim réasúnta aige nó aici go bhfuil míghníomh ar bun, fiú sa chás nach dtarlaíonn sa deireadh thiar an bonn leis an ábhar buartha nó leis an tuairim a nochtadh.

Áirítear mar phionós, duine a chur ar fionraí/a dhífhostú, beart araíonachta, ísliú céime, bagairt nó iompar mí-fhabhrach eile a eascraíonn ó ábhar buartha a chur in iúl nó eolas a nochtadh bunaithe ar thuairim réasúnta ina leith. Sa chás go gceapfaí go raibh pionós á imirt ort mar gheall ar eolas a nochtadh faoin nós imeachta seo, ba cheart sin a chur in iúl don Bhainisteoir Rannóige/Stiúrthóir Rannóige gan mhoill.

Beidh oibríthe a imríonn pionós ar dhaoine a chuireann ábhar buartha in iúl faoin bpolasaí seo, nó a bhaineann sásamh astu, faoi réir beart araíonachta.

Ní bhítear ag tnúth le cruthúnas ó oibríthe i leith líomhna. Ina ainneoin sin, ní mór dóibh bonn réasúnta a bheith acu leis an tuairim go bhfuil ábhar buartha dáiríre acu. Ba cheart a thabhairt chun aire gur féidir beart araíonachta a dhéanamh in aghaidh oibrí a dtagtar ar an mbreith gur le teann mailíse a chuir sé nó sí ábhar buartha in iúl nó a nocht eolas.

Rúndacht

Tá an eagraíocht seo tiomanta maidir le hainm an oibrí a chuireann ábhar buartha in iúl a cheilt agus cinnítear gur faoi rún a phléitear le haon nochtadh eolais ábhartha. Is ar an míghníomh a bheidh an bhéim seachas ar an té a rinne an nochtadh.

Ina ainneoin sin, tá cásanna ann, mar a leagtar amach san Acht, nuair nach féidir a choinneáil faoi rún, go háirithe sa chás go bhfuil an t-oibrí páirteach i bhfiosrúchán maidir leis an ábhar a cuireadh in iúl. Ina leithéid sin de chás, déanfar gach dícheall an t-oibrí a chur ar an eolas go bhféadfadh tarlú go mbeidh a ainm nó a hainm ar eolas.

3. Córais Faisnéise atá ar fáil d'Fhostaithe cheana féin

Ainneoin gach a bhfuil leagtha amach anseo thuas, aithnítear go bhféadfadh mírialtacht a bheith ann ó am go ham, agus mar atá leagtha síos in Alt 1.14 den Chód Cleachtas um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016, is mian leis an Údarás bealach cóir a thabhairt d'fhostaithe má bhíonn aon imní ar fhostaí maidir le sárú dlí nó mírialtachtaí ábhartha atá ann, a tharla, nó a d'fhéadfadh tarlú go luath, a bhfuil eolas sonrath aige/aici ina leith, nó amhras air/uirthi ina leith bunaithe ar chúiseanna maithe, chun tuairisc faoi rún a thabhairt ina leith, i dtaca le

- gnóthaí san Údarás féin, nó
- gníomhartha comhghleacaithe, conraitheoirí a dhéanann gnó leis an Údarás, soláthraithe nó cliant dá chuid, a bhaineann le gnóthaí an Údaráis.

I measc na nithe a d'fhéadfadh a bheith i gceist in eagraíocht Stáit ar nós Údarás na Gaeltachta bheadh mírialtachtaí airgeadais, sárú tromchúiseach ar mhodhanna imeachta, mar shampla i dtaca le conradh a bhronnadh, nó sárú suntasach ar fhorálacha dlí, reachtúla nó cleachtas chorparáidigh.

Tá córais leagtha amach cheana féin mar a leanas, agus is cóir leas a bhaint astu i gcásanna ina n-oireann:

- 3.1.1 Gnáthchaidreamh inmheánach le bainisteoirí, go háirithe bainisteoir na rannóige lena mbaineann an fostaí, nó leis an bPríomhfheidhmeannach nó leis an bhFeidhmeannach Acmhainní Daonna agus Forbartha Foirme.
- 3.1.2 An córas chun déileáil le gearáin fhoirmiúla, atá luaithe sa Chairt Chliant. Tá sonraí faoin gcóras sin ar fáil in Aguisín 4 de Lámhleabhar Foirme an Údaráis. Meabhraítear gur cliant de chuid an Údaráis é/i gach fostaí don chuspóir seo.

- 3.1.3 An Modh Imeachta Neamhfhoirmiúil agus an Modh Imeachta Foirmiúil atá leagtha síos chun clamhsán faoi shárú ar dhínit ag an obair a láimhseáil, faoi na ceannteidil seo a leanas (Aguisín 2 de Lámhleabhar Foirne an Údaráis):

Polasaí i gCoinne Bulaíochta

Polasaí ar Chiapadh Gnéasach agus Ciapadh Eile

Tá Modh Imeacha Neamhfhoirmiúil ann chun a chinntiú go ndéileálfar leis an gcuid is mó de chásanna mar seo go héifeachtach, go hinniúil agus ar bhealach íogarach agus rúnda.

Ba chóir líomhaintí faoi shárú ar chearta comhionannais a láimhseáil tríd an Rannóg Acmhainní Daonna agus Forbartha Foirne.

- 3.1.4 I gcás mírialtacht airgeadais a bhainfeadh le ball foirne ar leith, ba chóir an cás a thógáil leis an bPríomhfheidhmeannach agus/nó leis an bhFeidhmeannach Acmhainní Daonna agus Forbartha Foirne.

Tá de dhualgas ar an eagraíocht a chinntiú go ndéantar iarchúram lánbhríoch de aon rud a ardaítear ar an gcaoi seo.

4. Modh Imeachta ar leith Faoi Rún / Sceithireacht

- 4.1.1 Mura n-oireann na modhanna thuasluaite, agus má mheasann fostaí gur gá imní a nochtadh faoi rún faoi mhírialtacht nó sárú dlí ábhartha, glacfar le tuairisc a bheidh bunaithe ar thuairim chóir, le tacaíocht don tuairim sin, chuig:

An Príomhfheidhmeannach, nó mura n-oireann sé sin don chás,

Cathaoirleach an Údaráis, nó mura n-oireann ceachtar díobh sin don chás,

Seirbhís Iniúcháireachta Inmheánaí an Údaráis¹.

- 4.1.2 Tabharfar admháil don fhostaí a nocht an imní laistigh de chúig [5] lá oibre. Deimhneofar dó/di go gcaithfear go héifeachtach, go hinniúil agus ar bhealach íogarach agus discréideach leis an gcúis imní. Geallfar tacaíocht don fhostaí, agus beidh sé d'aidhm cosaint a thabhairt dó/di in aghaidh dochair, faoi réir i gcónaí gur fheidhmigh an fostaí de mheon macánta agus go bhfuil bunús réasunach leis an gcúis imní.

- 4.1.3 Is féidir go n-iarrfadh an Príomhfheidhmeannach nó an Cathaoirleach ar na hIniúcháirí Inmheánacha nó ar shaineolaí inmheánach nó seachtrach eile an chúis imní a fhiosrú.

- 4.1.4 Ní bhaineann an córas seo le líomhain gan ainm, mar go bhfuil sé tábhachtach ar mhaithe le héifeachtacht aon fhiosraithe a dhéanfar gur féidir an cás a phlé leis an té a nochtann an imní. Tá glactha ag an Údarás leis, áfach, go ndéanfaidh sé a dhícheall aon ghearán nó tuairisc maidir le mírialtacht ábhartha a fhiosrú, fiú gearán nó tuairisc gan ainm, cibé foinse as a dtiocfaidh sé, ach dóthain substainte a bheith leis go bhféadfar é a fhiosrú.

- 4.1.5 Má ghlacann bainisteoir nó fostaí eile céim nó céimeanna chun bac míchuí a chur leis an imní a nochtadh nó le fiosrú na cúise maidir le mírialtacht nó sárú dlí ábhartha, is féidir go gcuirfí modhanna imeachta smachta an Údaráis i bhfeidhm i gcoinne an bhainisteora nó an fhostaí sin. I gcás tromchúiseach d'fhéadfaí an té sin a bhriseadh as a p(h)ost.

¹ Teagmhálaí 2017: Proinsias Kitt, DHKN, Bóthar Mhóinín na gCiseach, Gaillimh
Teileafón: 091-782020 Ríomhphost: info@dhkn.ie

- 4.1.7 Má bhaineann fostaí mí-úsáid as an gcóras seo le líomhain gan bhunús a dhéanamh, gan tacaíocht ó thaobh fianaise, nó má dhéanann fostaí an líomhain chéanna arís agus arís eile, ainneoin í a bheith fiosraithe agus dífe nó tarraingthe siar, is féidir go gcuirfí modhanna imeachta smachta an Údaráis i bhfeidhm i gcoinne an fhostaí sin. I gcás tromchúiseach d'fhéadfaí an té sin a bhriseadh as a p(h)ost. Deimhnítear, áfach, nach mbaineann sé seo le cás nochtadh imní a dhéantar de mheon macánta bunaithe ar thuairim chóir, le tacaíocht don tuairim sin, agus nárbh eol don fhostaí gur fiosraíodh an cás cheana agus gur díbheadh an líomhain.
- 4.1.8 I gcás ina bhféadfadh coinbhleacht phearsanta leasa a bheith ann ó thaobh an té a d'fhiosródh an cás, is ceart don té sin an choinbhleacht sin a chur in iúl chomh luath agus is féidir, agus déanfaidh an tÚdarás a dhícheall a chinntiú nach gcuirfidh coinbhleacht dá leithéid isteach ar fhiosrú cóir ar an gcás.
- 4.1.9 I gcás gach nochtadh imní faoin gcóras seo cláróidh an Príomhfheidhmeannach nó an Cathaoirleach, de réir mar a oireann, an nochtadh imní faoi rún, agus cibé gníomh a ghlactar ina leith. Más léir ón tús don Phríomhfheidhmeannach nó don Chathaoirleach, de réir mar a oireann, nach bhfuil substaint ná bunús leis an gcúis imní, is féidir diúltú don nochtadh. Sa chás sin cuirfear an méid sin in iúl don té a nocht an imní chomh luath agus is féidir. Beidh cead ag an té sin an chúis imní a chur faoi bhráid an duine eile den bheirt, an Príomhfheidhmeannach nó an Cathaoirleach.
- 4.1.10 I gcás ina mbeadh fianaise *prima facie* ann go bhfuil mírialtacht nó sárú dlí ábhartha i gceist, is féidir leis an bPríomhfheidhmeannach nó leis an gCathaoirleach, de réir mar a oireann:
- (i) An cás a chur ar aghaidh i gcomhair measúnaithe i dtaca le gníomh smachta,
 - (ii) Imscrúdú foirmiúil a eagrú, agus/nó
 - (iii) An chúis imní a thuairsciú do na húdaráis chuí, mar shampla an Garda Síochána nó Rialtóir eile ar nós an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach.
- 4.1.11 Faoi réir comhairle dlí más gá, go hairithe i gcás cúiseanna coiriúla, agus mura ndéanfar a mheas nach bhfuil substaint ná bunús leis an gcúis imní, cuirfear an chúis imní in iúl go hoifigiúil i scríbhinn don chúisí lena mbaineann sula gcríochnófar fiosrú, chun deis chóir a thabhairt don chúisí an chúis a chosaint. Caithfear deis a thabhairt dó/di an fhianaise a bhréagnú agus a c(h)ás féin a chur i láthair. Cuirfear toradh an fhiosraithe in iúl don té seo freisin, agus (arís faoi réir comhairle dlí más gá) beidh sé/sí i dteideal cóip den tuarascáil faoin bhfiosrú a fháil más é toradh an fhiosraithe go raibh mírialtacht nó sárú dlí ábhartha ann.
- 4.1.12 Ní chuirfear ar an eolas faoin nochtadh imní ach na daoine atá riachtanach don fhiosrú, agus déanfar a oiread agus is féidir, gan dochar do chearta dlí agus daonna, ainm an té a nocht an imní a choinneáil faoi rún. Is féidir, áfach, gur gá a iarraidh ar an duine sin comhoibriú leis an bhfiosrú, agus fiú fianaise a thabhairt i gCúirt Dílí nó i bhfóram cuí eile.
- 4.1.13 Déanfar gach líomhain a mbíonn bunús léi, fiú cinn a dhíbhtear i ndiaidh fiosraithe, a thuairisciú don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, mar aon le toradh an fhiosraithe.
- 4.1.14 Cuirfear in iúl go hoifigiúil don té a nocht an imní cén toradh a bhí ar an bhfiosrú, ach ní gá go gcuirfí an tuarascáil féin maidir le toradh an fhiosraithe ar fáil don té sin.

- 4.1.15 Beidh an tuarascáil féin ar fáil faoi rún, faoi réir comhairle dlí más gá, agus de réir mar a oireann, don Phríomhfheidhmeannach agus don Chathaoirleach, don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca, don Údarás féin, don fheidhmeannach atá freagrach as an réimse oibre lena mbaineann an tuarascáil, d'Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, don tSeirbhís Iniúcháireachta Inmheánaí, don údarás cuí smachta nó forfheidhmithe, agus don Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta.
- 4.1.16 Ní chealaíonn an méid seo thuas ceart agus dualgas gach duine i gcásanna cuí coireanna a thuiriscí do na húdaráis chuí, an Garda Síochána nó Rialtóirí eile go háirithe.
- 4.1.17 Tá de dhualgas ar an eagraíocht a chinntiú go ndéantar iarchúram lán-bhríoch d'aon rud a ardaítear ar an gcaoi seo.
- 4.1.18 Is féidir ábhar buartha a chur in iúl gan ainm a lua. Ina ainneoin sin, d'fhéadfadh ar bhonn praiticiúlachta go mbeadh sé deacair fiosrú a dhéanamh maidir le hábhar dá leithéid.

5. Modhanna inar féidir dul níos faide leis an scéal

Is é an cuspóir atá leis an bPolasaí seo bealach a chur ar fáil trínar féidir déileáil le hábhar buartha nó le nochtadh eolais i ndáil le beartaíocht éagóir. Táthar cinnte gur féidir déileáil le cúrsaí "taobh istigh den eagraíocht" agus moltar go tréan don lucht oibre tuairisc a thabhairt go himmheánach sa chás go mbeadh aon ní ina ábhar buartha.

Glactar leis go dtarlódh i gcásanna áirithe gur mhian le fostaí nochtadh a dhéanamh go seachtrach, agus déantar soláthar faoin reachtaíocht — An tAcht um Nochtadh Cosanta 2014 — do shlite éagsúla ina leith sin.

Is de thábhacht, ina dhiaidh sin féin, go dtabharfaí chun aire nach gá ach tuairim réasúnta a bheith ag fostaí faoi mhíbhartaíocht chun nochtadh a dhéanamh go himmheánach agus go bhféadfadh, sa chás go mbeifí ag smaoinéamh ar nochtadh a dhéanamh taobh amuigh den eagraíocht, dualgais níos troime de chineálacha eile a bheith i bhfeidhm ag brath ar an áit a mbeadh an nochtadh á dhéanamh

6. Athbhreithniú

Déanfaidh an tÚdarás athbhreithniú ar na modhanna imeachta seo de réir mar is cuí, agus cuirfeadh aon athruithe in iúl don fhoireann.

Iúil 2017

22/09/2017